

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

04 FEABHRA 2021



CEAD PLEANÁLA DO THEARMANN ÉANNA

Thug Comhairle Contae na Gaillimhe cead le gairid do **Thearmann Éanna** obair athchóirithe a dhéanamh ar 13 d'aonaid tithíochta agus dhá aonad caitheamh aimsire ar shuíomh Thithe Saoire Eanach Mheáin. Beidh uasghrádú agus oibreacha inmheánacha á ndéanamh, mar aon le hoibreacha seachtracha ar an suíomh. Tá rún ag an eagraíocht go mbeidh macasamhail na seirbhísí atá á soláthar ar shuíomh na Tulaigh, á soláthar in Eanach Mheáin freisin. Beidh na hoibreacha athchóirithe seo á ndéanamh le tacaíocht ón scéim CAS a bhíonn á riaradh ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar son An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.



ACLAÍOCHT DON TEAGHLACH!

Tá seisiún aclaíochta don teaghlach á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** mar chuid de **Shiamsán na nÓg**. Is féidir páirt a ghlacadh sa seisiún ar an Satharn 6 Feabhra @ 12i.n. ar Zoom. Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré le eilin@tuismitheoiri.ie agus seolfar an nasc Zoom chugat. Is iomaí seisiún eile atá á reáchtáil ag an eagraíocht don teaghlach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar a gcuntas FB: Tuismitheoirí na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí leis sin.

FOIREANN SHÓISIR PHEIL NA MBAN 2021

Bhí dea-scéal ag **Cumann Lúthchleas Gael An Spidéil** le gairid. Tar éis naoi mbliana, tá An Spidéil ag cur foireann shóisir Pheil na mBan chun páirce arís i 2021. Bhí laethanta iontacha ag foireann na mban roimhe seo agus rinne siad éacht nuair a thug siad leo Craobh Shóisir an Chontae sa mbliain 2008. Má tá suim agat peil a imirt le mná an Spidéil, ní mór teagmháil a dhéanamh le Maura O Toole ag 086 356 9179 nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig ootoolemaura@yahoo.ie le tuilleadh eolais a fháil. Go n-éirí go geal leis an bhfoireann nua seo!



FOLÚNTAS AG EUROPUS

Tá Europus sa tóir ar riarthóir oifige a bheidh lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí agus a bhfuil togha na Gaeilge agus an Bhéarla scríofa agus labhartha acu. Beidh buntáiste ag an té a bhfuil taithí acu ar chórais sonraisc. Seol litir iarratais chomh maith le CV chuig isadora@europus.ie Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 5ú Feabhra.



IRISEOIRÍ AN LAE AMÁRACH

Tá cúsa san iriseoireacht do dhaltáí idirbhliana á reáchtáil ag **OÉ Gaillimh**, i gcomhar le **Nuacht RTÉ** agus **TG4**. Deis eisceachtúil a bheidh ann do dhaoine óga foghlaim ó iriseoirí aitheanta na tíre. Tá an cúrsa seachtaine dírithe ar dhaltáí iarbhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge. Beidh **Iriseoirí an Lae Amárach** ar siúl idir 1-4 Márta ar Zoom. Mar chuid den chúrsa, roinnfidh an t-iriseoir físe agus fear déanta scannán, **Seán Mac an tSithigh** a chuid scileanna agus tabharfaidh **Gormfhlaith Ní Thuairisg** cuntas ar na ceisteanna crua a chuireann sí ar dhaoine ar **Adhmhaidin** chuile lá. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó clárú don chúrsa le pedar@cogg.ie

Iriseoirí an Lae Amárach

Wodáil idirbhliana ar Zoom
Iarbhunscoileanna Gaeltachta
agus Lán-Ghaeilge

Ar Siúl: Márta 2021
Clárú: www.COGG.ie

Wodáil idirbhliana ar Zoom

Iarbhunscoileanna Gaeltachta
agus Lán-Ghaeilge

Ar Siúl: Márta 2021
Clárú: www.COGG.ie



SCÉALAÍOCHT & EALAÍÓN LE SADHBH DEVLIN

Beidh Scéalaíocht agus Ealaíon ar bun le **Sadhbh Devlin**, údar an leabhair **Geansaí Otto**. Beidh deis ag an teaghlach teacht le chéile le Sadhbh ar an Satharn 20 Feabhra @ 11r.n. Le clárú don imeacht ní mór teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig bairbre.cpt@lionraic.ie



DRÁMAÍOCHT AR LÍNE: UAIGNEAS NA NOLLAG

Chaith **Club Drámaíochta Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige** cuid mhaith den Fhómhar ag cleachtadh chuile sheachtain ar Zoom agus tá taifeadadh déanta acu anois ar an dráma **Uaigneas na Nollag** a scríobh an múinteoir agus drámadóir Máirín Mhic Lochlainn go speisialta don ghrúpa. Tá an dráma, a stiúraigh **Orla de Búrca** le fáil ar chuntas FB an Chlub: Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige. Is féidir cóip den script a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gclub ag spiddal.gaeilge@gmail.com nó ar 085 8786 697

COMHGHAIRDEACHAS LE GIRSEACHA NA GAILLIMHE

Comhghairdeachas le **Girseacha na Gaillimhe** ó Choláiste Colmcille, Indreabhán a bhuaigh Réamhbhabhta Chúige Chonnacht sa rannóg Pogrúpa/Racgrúpa le Féintionlacan sa gcomórtas **Scléip 2021!** Go n-éirí go geal le Síofra, Clíona agus Katie a ghlacfaidh páirt anois i gCraobh Scléip go luath!



CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar Zoom, ar an gCéadaoin 10 Feabhra, ag 8i.n, chun *Ón Spidéal go Strasbourg*, leabhar leis an iar-Fheisire Eorpach Seán Ó Neachtain, a phlé. Foilsíodh an leabhar roimh an Nollaig agus cuireadh an-spéis ann. Tugtar léargas ar an saol thart ar an Spidéal sna seascaidí agus sna seachtóidí i dtús an leabhair. Tá cur síos ag Seán faoina shaol polaitíochta ó toghadh é ar Bhord Údarás an Gaeltachta 1979 go dtí gur dhiúltaigh sé ainmniúchán ó Fhianna Fáil le seasamh i dToghchán na hEorpa 2014, lena shuíochán i bParlaimint na hEorpa a choinneáil. Tá an leabhar ar fáil i siopaí áitiúla. Le páirt a ghlacadh sa bplé is féidir scéal ríomhphoist a sheoladh chuig clubleabharcf@gmail.com

CÓCAIRÍ ÓGA

Thug **Diarmuid Ó Mathúna** ceardlann cócaireachta le deireanaí mar chuid de **Cúla4 ar Scoil** inar réitigh sé oideas iontach don Earrach - ramen le scailliúin! Leagann Diarmuid na comhábhair amach go soiléir agus tugann sé treoir céim ar chéim do chócairí óga na tíre! Is féidir an físeán a fheiceáil ar chuntas FB: Cúla4 Is iomaí físeán iontach atá foilsithe ag Cúla4 ar líne le gairid: sacar le Darren Ó Dubhgáin, ióga le Ciarán Mac Fhearghusa agus mapaí le Ruarc Ó Confhaola ar chuid acu!



'CILL AODÁIN' Antaine Ó Raifteirí

Anois teacht an earraigh, beidh 'n lá dul chun síneadh
'S tar éis na Féil' Bríde, ardóidh mé mo sheol,
Ó chuir mé 'mo cheann é ní stopfaidh mé choíche
Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo.
I gClár Chlainne Mhuiris bheas mé an chéad oíche,
'S i mBalla taobh thíos de thosós mé ag ól,
Go Coillte Mach rachad go ndéanfadh cuairt mhíos' ann
I bhfogas dhá míle do Bhéal an Áth' Mhoir.

Fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroíse
Mar éiríonn an ghaoth nó mar scaipeann an ceo,
Nuair 'smaoínim ar Cheara nó ar Ghailleang taobh thíos de,
Ar Sceathach a Mhíl' nó ar phlánaí Mhaigh Eo.
Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara 's sù craobh ann, is meas ar gach sórt,
'S dá mbeinn-se 'mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!

LEABHAIR GHAEILGE FAOI €20

D'fhoilsigh **PEIG** treoir le gairid maidir le leabhair iontacha a foilsíodh le deireanaí agus iad ar fáil ar €20 nó níos lú! Leabhar amháin a luadh ná **Is Mise do Mhamó** le Majella Ní Dhomhnaill, scéal cumhachtach

nua-aimseartha a dhéanann comparáid idir an saol ar líne agus an fíorshaol. Tá fadhbanna a bhaineann le drugaí, aonrú sóisialta agus foiréigean baile sa leabhar. Moladh **Meascra ón Aer**, in eagar ag Marcus Mac Chonghail chomh maith. Tá gearrscéalta, úrscéalta, aistí stairiúla agus grainghraif le feiceáil sa leabhar seo, iad spreagtha ag an tsraith **Meascra** ar Raidió na Gaeltachta. Tá níos mó eolais le fáil ar www.peig.ie

